

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

AN ARDTEISTIMÉIREACTH, 2012

SCÉIM MHARCÁLA

GAEILGE

ARDLEIBHÉAL

PÁIPÉAR I (160 marc)

CLUASTUISCINT (60 marc)

{	(i)	Tuiscint	=	60 marc	}
{	(ii)	Cumas Gaeilge	-	(0-3) marc	}
{	(iii)	Iomlán	=		}

Cuid A: 18 marc (Eolas)

Fógra 1: $2 \text{ marc} \times 5 = 10 \text{ marc}$

Fógra 2: $2 \text{ marc} \times 4 = 8 \text{ marc}$

$10 + 8 = \underline{18 \text{ marc}}$

Cuid B: 28 marc (Eolas)

Comhrá 1: $2 \text{ marc} \times 7 = 14 \text{ mharc}$

Comhrá 2: $2 \text{ marc} \times 7 = 14 \text{ mharc}^*$

$14 + 14 = \underline{28 \text{ marc}}$

Cuid C: 14 marc (Eolas)

Píosa 1: $2 \text{ marc} \times 3 = 6 \text{ mharc}$

Píosa 2: $2 \text{ marc} \times 4 = 8 \text{ marc}$

$6 + 8 = \underline{14 \text{ mharc}}$

Bainfear ó 0 go 3 ar chaighdeán na Gaeilge .

CUID A

Fógra 1

Cuirfear fáilte roimh iarratais ar phost mar phríomhoide ar Scoil na mBráithre i mBaile na Lorgan, Co Mhuineacháin. Scoil mheasctha dara leibhéal í an scoil seo agus tá 355 dalta ag freastal uirthi i láthair na huair. Ní mór d'iarrthóirí cúig bliana de thaithe mhúinteoireachta a bheith acu, chomh maith le scileanna maithe ríomhaireachta agus cumas ceannaireachta agus pleanála. Tá an fhoirm iarratais agus sonraí breise le fáil ón gCathaoirleach, An Bord Bainistíochta, Scoil na mBráithre, Baile na Lorgan. Is é an 20ú Iúil an dáta deireanach le haghaidh na n-iarratas.

Fógra 2

Déardaoin seo caite rinneadh ceiliúradh speisialta ar Lá Eorpach na dTeangacha i músaem Bhaile an Fheirtéaraigh i nGaeltacht Chiarraí. Eagraíodh an ócáid chun léiriú a dhéanamh ar an líon mór teangacha atá á labhairt sa cheantar. Ba é craoltóir Raidió na Gaeltachta agus an t-iarpheileadóir cáiliúil, Dara Ó Cinnéide, a chuir tús leis na himeachtaí. I rith na hócáide léigh daltaí ó bhunscoileanna Chorca Dhuibhne giota as leabhar Harry Potter i gcúig theanga éagsúla. Ina dhiaidh sin thug páistí áitiúla taispeántas ar cheol agus ar chultúr na Spáinne mar tá ceangal láidir idir Corca Dhuibhne agus an Spáinn. Léadh giotaí as leagan Iodáilise den leabhar cáiliúil “An tOileánach” freisin.

Cuid B Comhrá 1

Máire: An bhfaca tú an taighde a chuir Aontas na hEorpa amach an tseachtain seo caite? An ceann faoi dhearcadh daoine óga in Éirinn agus faoi cé chomh sona nó míshona is a bhíonn siad?

Rónán: Chonaic mé a Mháire ach níl fhios agam an bhfuil mórán fírinne ansin. Ní fhaca mise aon duine thart anseo ag cur ceisteanna ar dhaoine óga agus tá go leor daoine óga sa bhaile seo. Is cinnte nár iarr aon duine mo thuairimse.

Máire: Ó a Rónán ná bí chomh diúltach sin faoin rud ar fad; tá sé spéisiúil agus tábhachtach fiú murar chuir aon duine ceist ortsa. Ar aontaigh tú le haon rud a bhí ann?

Rónán: Bhuel d'aontaigh mé. Is cinnte nach n-éisteann an rialtas minic go leor le daoine óga. Ba cheart go mbeadh seans ag níos mó daoine óga dul go dtí Dáil na nÓg mar shampla. Agus rud spéisiúil eile faigheann daltaí meánscoile in Éirinn níos mó obair bhaile ná aon dream eile san Eoraip.

Máire: Bhí a fhios agam cinnte go dtaitneodh an pointe sin leatsa a Rónán.

Rónán: Céard fútsa a Mháire, céard a chonaic tusa a bhí spéisiúil dar leatsa?

Maire: Bhuel nach bhfuil sé spéisiúil go bhfuil daoine óga in Éirinn níos sásta ná cuid mhór de mhuintir na hEorpa; réitimid go maith lenár dtuismitheoirí, agus is maith linn an scoil. Freisin ceapann daoine óga in Éirinn go bhfuil an teaghlach agus na cairde an-tábhachtach, níos tábhachtaí ná airgead ná post mór.

Rónán: Sea, ach freisin bhí daoine ag gearán; cheap siad go raibh cuid den obair scoile leadránach, agus cinnte ní ceart dearmad a dhéanamh ar an ualach obair bhaile a fhaighimid gach oíche.

Maire: Tá míniú an-simplí faoin obair bhaile. Tá na cúrsaí fada agus tá a lán ábhar ar siúl againn; agus rud eile nach bhfuil tú ag iarraidh aird a tharraingt air: tá an lá scoile níos faide san Eoraip.

Rónán: Ó a thiarna ná luaigh sin. Tá an lá scoile agamsa fada go leor, óna naoi ar maidin go dtí cúig i ndiaidh a ceathair.

Maire: Ní gá dúinne a bheith buartha faoi sin a Rónáin; beidh tusa agus mise imithe ón scoil i gceann dhá mhí.

Comhrá 2

Pádraig: Feicim go bhfuil scéal a shaoil foilsithe ag an laoch Oilimpeach Ronnie Delaney.

Úna: Is fíor sin a Phádraig, agus bhí searmanas speisialta ina onóir i gCaisleán Bhaile Átha Cliath le déanaí chun comóradh a dhéanamh ar a ghaisce sna cluichí Oilimpeacha.

Pádraig: Ba ar an gcéad lá de mhí na Nollag 1956 a bhuaigh sé an bonn óir sa rás 1500 méadar in Melbourne, agus chruthaigh sé curiarracht nua oilimpeach, 3 nóiméad 41.2 soicind.

Úna: Deirtear go bhfuil sé ar dhuine de na pearsana spóirt is cáiliúla a bhí riamh in Éirinn.

Pádraig: Ó ní haon ionadh é sin. Bhí an-cheiliúradh in Éirinn nuair a bhuaigh sé bonn oilimpeach. Thug sé ardú meanman do na Gaeil mar bhí Éire cráite ag an mbochtanas, ag an imirce, agus an dífhostaíocht.

Úna: Cár rugadh agus tógadh é?

Pádraig: Rugadh agus tógadh é in aice leis an Inbhear Mór i gCo Chill Mhantáin. Oifigeach sa Roinn Custaim agus Máil ba ea a athair agus

nuair a bhí sé cúig bliana d’aois bhog an teaghlach go Baile Átha Cliath.

Úna: Conas a chuir sé suim sa lúthchleasaíocht ar dtús?

Pádraig: Bhuel nuair a bhí sé sa mheánscoil ghlac sé páirt i gcomórtas lúthchleasaíochta agus d’éirigh thar barr leis. Ina theannta sin bhí sé ina bhall de chlub lúthchleasaíochta ina cheantar féin.

Úna: Nár chaith sé tamall i Meiriceá?

Pádraig: Chaith go deimhin. Fuair sé scoláireacht lúthchleasaíochta go Ollscoil Villanova in Philadelphia. Tháinig feabhas iontach air ansin.

Úna: Gan dabht ar bith tháinig. An bonn óir buaic a shaoil mar lúthchleasaí. cén fáth ar éirigh sé as an lúthchleasaíocht agus é an-óg?

Padraig: Bhí mí-ádh air; ghortaigh se a chos, níor tháinig biseach ceart air agus b’éigean dó éirí as ar fad.

Úna: Cinnte is ábhar inspioráide i gcónaí é do lúthchleasaithe óga.

Cuid C

Píosa 1

Seoladh an leabhar “The Waves of Tory” leis an údar Jim Hunter in Ollscoil na Banríona Béal Feirste Dé hAoine seo caite. Is léachtóir in Ollscoil Uladh é Jim Hunter agus tá caoga bliain caite aige ag triail ar Thóraigh, ag bailiú eolais faoi shaol agus faoi chultúr an oileáin. Filleann an t-údar ar Thóraigh gach samhradh mar is daoine galánta oscailte cairdiúla iad na hoileánaigh, dar leis. Cnuasach aistí ar thraidisiúin agus ar nósanna Thóraí atá sa leabhar seo.

Píosa 2

Tá Comharchumann Inis Meáin ag déanamh tairiscintí do theaghlaigh ar spéis leo aistriú ón mórthír agus cónaí go buan ar an oileán. Is é an Comharchumann é féin atá ag maoiniú an tionscnaimh, agus is í an aidhm atá leis daonra an oileáin a mhéadú. Tá an feachtas dírithe ar theaghlaigh óga agus cuirfear tithe nua trí sheomra ar fáil dóibh ar chíos an-íseal. Cuireann an tairiscint béim ar na deiseanna a bheidh ag na teaghlaigh Gaeilge a labhairt go laethúil, agus freisin ar na háiseanna oibre agus spóirt atá ar fáil ar an oileán. Beidh daoine ábalta obair ón mbaile mar tá an córas leathanbhanda ar fáil ar Inis Meáin. Má tá spéis agat san fhógra seo glaoigh ar oifigí an Chomharchumainn ag (098) 40267.

1. (a) Cén scoil atá i gceist san fhógra seo? (2)

(Scoil) na mBráithre, Baile na Lorgan, Co Mhuineacháin = 2 (Scoil) na mBráithre, Baile na Lorgan = 2 (Scoil) na mBráithre, Co. Mhuineacháin = 2 (Scoil) na mBráithre = 2 (Scoil) dara leibhéal, Baile na Lorgan = 2 (Scoil) Baile na Lorgan = 2	(Scoil) Co. Mhuineacháin = 0 Lorgan = 0 Muineachán = 0 (Scoil) mheasctha (dara leibhéal) = 0 (Scoil) dara leibhéal, Co. Mhuineacháin = 0
--	--

(b) Cé mhéad daltaí atá ag freastal ar an scoil i láthair na huaire? (2)

355 = 2 Trí chéad caoga cúig = 2 Trí chéad 55 = 2

2. Luaigh dhá cháilíocht nach mór a bheith ag iarrthóirí. (2 + 2)

Cúig bliana de thaithí mhúinteoireachta = 2 Cúig bliana múinteoireachta = 2 Cúig bliana de thaithí = 2 Taithí múinteoireachta = 2 Blianta de thaithí = 2 Taithí = 2	Cúig bliana = 0 Blianta = 0
Scileanna maithe ríomhaireachta = 2 Maithe ríomhaireachta = 2 Scileanna ríomhaireachta = 2 Ríomhaireacht = 2	Ríomhaire = 0 Scileanna = 0
Cumas ceannaireachta = 2 Ceannaireacht = 2 Ceannaire = 2	Cumas = 0
Cumas pleanála = 2 Pleanáil = 2	Cumas = 0

3. Cad é an dáta deireanach le haghaidh na n-iarratas? (2)

20ú Iúil = 2 fichiú Iúil = 2	20ú = 0 Iúil = 0 20ú July = 0
---------------------------------	-------------------------------------

FÓGRA A DÓ

1. Cad air a ndearnadh ceiliúradh speisialta? (2)

Lá Eorpach na dTeangacha = 2 Lá na dTeangacha = 2 Teangacha = 2 Lá Eorpach = 2 Lá Eoraip = 2 Teanga = 2	Lá = 0 Eoraip = 0
--	----------------------

2. (a) Cén fáth ar eagraíodh an ócáid seo? (2)

chun léiriú (a dhéanamh) ar an líon (mór) teangacha atá (á labhairt) sa cheantar = 2 líon mór teangacha atá á labhairt sa cheantar = 2 líon mór teangacha atá á labhairt = 2 teangacha sa cheantar = 2 teangacha á labhairt = 2	chun léiriú a dhéanamh = 0
---	----------------------------

(b) Cad a rinne daltaí ó bhunscoileanna Chorca Dhuibhne i rith na hócáide? (2)

éigh (daltaí ó bhunscoileanna Chorca Dhuibhne) (giota) as leabhar Harry Potter i gcúig theanga (éagsúla) = 2 léigh (giota) as leabhar Harry Potter = 2 léigh Harry Potter = 2 Harry Potter = 2 léigh i gcúig theanga (éagsúla) = 2 léigh (giota) as leabhar = 2	i gcúig theanga éagsúla = 0
thug páistí áitiúla taispeántas ar cheol agus ar chultúr na Spáinne = 2 thug páistí áitiúla taispeántas ar chultúr na Spáinne = 2 thug páistí áitiúla taispeántas ar cheol = 2 thug páistí áitiúla taispeántas ar chultúr = 2	Léadh (giotaí) as leagan Iodáilise den leabhar cáiliúil “An t-Oileánach” = 0 Léadh (giotaí) as an leabhar cáiliúil “An t-Oileánach” = 0 Léadh (giotaí) as leabhar = 0 Léadh Iodáilis = 0

3. Ainmnigh an leabhar a bhfuil leagan Iodáilise de ar fáil? (2)

An tOileánach = 2 An Oileánach = 2 Oileánach = 2	Harry Potter = 0
--	------------------

Cuid B **COMHRÁ a hAON**

An Chéad Mhír

1. **Luaigh pointe amháin eolais a bhí sa taighde, dar le Máire. (2)**

dearcadh daoine óga in Éirinn = 2
dearcadh daoine óga = 2
daoine óga = 2
déagóirí = 2
cé chomh sona nó míshona is a bhíonn daoine óga in Éirinn = 2
cé chomh sona nó míshona is a bhíonn siad = 2
an bhfuil siad sona = 2

2. **Cén locht a fhaigheann Rónán ar an taighde? (2)**

Níl fhios agam an bhfuil mórán firinne ann = 2
an bhfuil mórán firinne ann = 2
Ní fhaca mise aon duine (thart anseo) ag cur ceisteanna ar dhaoine óga = 2
Ní fhaca mise aon duine (thart anseo) ag cur ceisteanna = 2
Níl aon duine ag cur ceisteanna = 2
nár iarr aon duine mo thuairim = 2
An bhfuil sé fíor = 2
Níl sé fíor = 2

3. **Luaigh rud amháin a chonaic Rónán sa taighde a bhí spéisiúil, dar leis. (2)**

nach n-éisteann an Rialtas minic go leor le daoine óga = 2
nach n-éisteann an Rialtas le daoine óga = 2
Ba cheart go mbeadh seans ag níos mó daoine óga dul go dtí Dáil na n-Óg = 2
Faighteann daltaí meánscoile in Éirinn níos mó obair bhaile ná aon dream eile san Eoraip = 2
níos mó obair bhaile ná aon dream eile san Eoraip = 2
níos mó obair bhaile = 2
a lán obair bhaile = 2
obair bhaile = 2
daoine óga go dtí Dáil na n-Óg = 2
Ba cheart go mbeadh seans ag níos mó daoine óga dul go dtí Dáil = 0
Dáil na n-Óg = 0

An Dara Mír

1. **Luaigh tuairim amháin a bhí ag na daoine óga faoin scoil, dar leis an taighde. (2)**

Is maith linn/leo an scoil = 2	Is maith = 0
Is maith linn/leo é/i = 2	

Is maith linn/leo = 2	
Tá siad sona = 2 Tá siad sásta = 2 cuid den obair scoile leadránach = 2 obair scoile leadránach = 2	scoil leadránach = 0
ualach obair bhaile (a fhaighimid) gach oíche = 2 ualach obair bhaile = 2	obair bhaile gach oíche = 0 tá na cúrsaí fada = 0 tá a lán ábhar (ar siúl) = 0 tá an lá scoile níos faide san Eoraip = 0

2. **Cén rud atá difriúil san Eoraip, dar le Máire? (2)**

(Tá an) lá scoile níos faide (san Eoraip) = 2 lá = 0
lá scoile = 2 scoil = 0


3. **(a) Cén lá scoile atá ag Rónán faoi láthair? (2)**

Óna naoi (ar maidin) go dtí cúig i ndiaidh a ceathair = 1 + 1
Óna naoi go dtí a ceathair = 1 + 09 go dtí 4.05 = 1 + 1
9 go 16.05 = 1 + 19 go 4 = 1 + 0
fada go leor = 2 fada = 2

(b) Cén fáth nach gá do Rónán a bheith buartha faoin athrú san amchlár? (2)

(Beidh tusa agus mise) imithe ón scoil i gceann dhá mhí = 2
imithe ón scoil = 2 imithe = 0

COMHRÁ A DÓ



1. **(a) Luaigh dhá phointe eolais faoi ghaisce Ronnie Delaney sna cluichí Oilimpeacha. (2+2)**

Bhuaigh sé bonn óir = 2 Bhuaigh sé bonn = 2
Bhuaigh sé an chéad áit = 2 Bhuaigh sé rás = 2

Melbourne = 2 rás 1500 méadar = 2
3 nóiméad 41(.2) soicind = 2

curiarracht (nua) Oilimpeach= 2 curiarracht = 2
 céad lá de mhí na Nollag 1956 = 2
 Thug sé ardú meanman do na Gaeil = 2
 Thug sé ardú meanman = 2
 Bhuaigh sé rás i 1956 = 2 + 2
 1956 = 0

bhí [searmanas]¹ [ina onóir]² [i gCaisleán Bhaile Átha Cliath]³ [le déanaí]⁴ chun [comóradh a dhéanamh]⁵

Dhá eilimint = 2 Eilimint amháin = 0

(b) Cén fáth ar thug bua Delaney ardú meanman do na Gaeil? (2)

Bhí Éire cráite ag an mbochtanas = 2 Bhí Éire cráite = 2

Bhí Éire cráite ag an imirce = 2 Bhí Éire cráite ag an dífhostaíocht = 2

Bhuaigh sé na cluichí Oilimpeacha = 2 Bhuaigh sé bonn óir = 2

Bhuaigh sé bonn = 2 curiarracht = 2

bochtanas = 1 imirce = 1 dífhostaíocht = 0

2. Cár rugadh Ronnie Delaney? (2)

in aice leis an Inbhear Mór i gCill Mhantáin = 2

in aice leis an Inbhear Mór = 2 Inbhear Mór = 2

Inbhear Mór, Cill Mhantáin = 2 Cill Mhantáin = 2

An Dara Mír

1. Conas a chuir Ronnie Delaney suim sa lúthchleasaíocht ar dtús? (2)

Ghlac sé páirt i gcomórtas (lúthchleasaíochta) agus d'éirigh thar barr leis. = 2 Ghlac sé páirt i gcomórtas = 2 i gcomórtas = 2	comórtas = 0 D'éirigh thar barr leis = 0 bhí sé ina bhall de chlub = 2 i gclub = 2 club = 0
--	---

2. Cén fáth a ndeachaigh Ronnie Delaney go hOllscoil Villanova? (2)

Fuair sé scoláireacht lúthchleasaíochta (go Ollscoil Villanova) = 2 scoláireacht = 2 scoláire = 0	chun feabhsú sa lúthchleasaíocht = 2 lúthchleasaíocht go maith ann = 2 lúthchleasaíocht = 2
---	---

3. Cén fáth arbh éigean do Ronnie Delaney éirí as an lúthchleasaíocht agus é óg? (2)

Ghortaigh sé a chos = 2 Bhí mí-ádh air = 2 Níor tháinig biseach ceart air = 2

Cuid C PÍOSA A hAON

1. **Cár seoladh an leabhar “The Waves of Tory”?** (2)

Ollscoil na Banríona, Béal Feirste = 2 Ollscoil na Banríona = 2 Ollscoil na Ríona = 2 Béal Feirste = 2	ollscoil = 0 Banríon = 0
---	-----------------------------

2. **Cén post ata ag Jim Hunter?** (2)

Léachtóir ollscoile = 2 Léachtóir in Ollscoil Uladh = 2 Léachtóir = 2 múinteoir in ollscoil = 2	Ollscoil Uladh = 0 údar = 0
--	--------------------------------

3. **Luaigh tréith amháin de mhuintir Thoraí, dar leis an údar.** (2)

galánta = 2; oscailte = 2; cairdiúil = 2

PÍOSA A DÓ

1. **Cé atá ag déanamh na dtairiscintí?** (2)

Comharchumann Inis Meáin = 2 Comharchumann = 2 Oifigí an Chomharchumainn = 2	Inis Meáin = 0 muintir Inis Meáin = 0 na daoine ar an oileán = 0
--	--

2. **Cad é aidhm an tionscnaimh seo?** (2)

daonra an oileáin a mhéadú = 2 daonra a mhéadú = 2 daoine a aistriú ón mórthír = 2 daoine a aistriú = 2 daoine a mhealladh go dtí an t-oileán = 2 daoine a mhealladh = 2 daoine go dtí an t-oileán = 2	oileán a mhéadú = 0 daoine a mhéadú = 0
--	--

3. **(a) Cad a bheidh daoine ábalta a dhéanamh de bharr an córas leathanbhanda a bheith ann?** (2)

obair ón mbaile = 2	obair ón mballa = 0 obair = 0
---------------------	----------------------------------

(b) Cén uimhir theileafóin atá luaite? (2) 098 40267 = 2m

- (a) Ionramháil Ábhair = 20 marc
 {
 (b) Cumas Gaeilge = 80 marc } $20 + 80 = 100$

[Cumas Gaeilge = (i) fairsinge agus saibhreas **Stór Gaeilge** an iarrthóra, móide (ii) beachtas maidir le **máistreacht cruinnúsáide** ar na príomhghnéithe de cheart na Gaeilge.]

Nóta: Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc a bhronntar as 20 (Ábhar) agus an marc a bhronntar as 80 (Gaeilge) a thaispeáint go soiléir ag bun na hiarrachta ceapadóireachta.

AN CHEAPADÓIREACHT

Gnéithe a bhaineann leis an marcáil

Cé go bhfuil dhá roinn (i.e. cumas Gaeilge agus ionramháil ábhair) ag baint leis an gcóras marcála atá ag gabháil leis an gCeapadóireacht, moltar measúnú a dhéanamh ar iarracht an iarrthóra mar aonad.

Cumas Gaeilge (80marc) = (1) fairsinge agus saibhreas Stór Gaeilge an iarrthóra móide
 (2) beachtas maidir le máistreacht cruinnúsáide ar na príomhghnéithe de cheart na Gaeilge.

[Príomhghnéithe na Gaeilge = gramadach*, comhréir*, struchtúr, deilbhíocht]

*Agus na mórghnéithe á “marcáil” le peann dearg níor mhór go mbeifí in ann an difríocht a aithint idir botúin mhóra chomhréire agus mionghnéithe ghramádaí.

Cuimhnigh ar an treoir seo ón scrúdpháipéar:

Ní mór ceangal leanúnach a bheith ann idir an teideal a roghnaítear agus an t-ábhar a scríobhtar.

Sa chás go scríobhtar ábhar seachtrach nach bhfuil **ad rem** cuirfear as an áireamh an t-ábhar sin. D’fhéadfadh a bheith mar thoradh ar an gcinneadh sin nach sásóidh an iarracht ceapadóireachta na riachtanais ó thaobh fad de, agus dá thoradh sin, go ngearrfar pionós pro-rata ar an ábhar agus ar an nGaeilge.

Aicme	Grád/Grád Raon	(1) Stór Gaeilge + (2) Beachtas/Cruinnúsáid
-------	----------------	---

A

(1) Stór Gaeilge-F. agus S. an-mhaith ar fad- sármhaith	A ard A meánach	76-80 marc 72-75 marc
(2) Cruinneas an-mhaith ar fad- sármhaith (den chuid is mó)	A íseal	68-71 marc

B

(1) Stór Gaeilge-F. agus S. an-mhaith	B ard B meánach	64-67 marc 60-63 marc
(2) Cruinneas an-mhaith (den chuid is mó)	B íseal	56-59 marc

C

(1) Stór Gaeilge-F. agus S. maith	C ard C meánach	52-55 marc 48-51 marc
(2) Cruinneas maith (den chuid is mó)	C íseal	44-47 marc

D

(1) Stór Gaeilge-F. agus S. measartha	D ard D meánach	40-42 marc 36-39 marc
(2) Cruinneas measartha (den chuid is mó)	D íseal	32-35 marc

E

(1) Stór Gaeilge- F. agus S. lag	E ard E meánach	28-31 marc 24-27 marc
(2) Cruinneas lag (den chuid is mó)	E íseal	20-23 marc

F agus N/G

(1) Stór Gaeilge-F. agus S. an-lag	F ard F meanach	16-19 marc 12-15 marc
(2) Cruinneas an-lag	F íseal N/G ard N/G íseal	8-11 marc 4-7 marc 0-3 marc

Ionramháil Ábhair = (20 marc)

Ba cheart an roinn seo a mheas agus tagairt á déanamh do Chumas na Gaeilge.

Ó tharla gurb í an teanga an chóir iompair atá ag na smaointe, bíonn coibhneas i gcónaí idir an Cumas Gaeilge agus Ionramháil an Ábhair. Má bhíonn an chóir iompair lag ní féidir na smaointe a chur i láthair go héifeachtach. Bíonn sé deacair na smaointe a aimsiú má bhíonn an Ghaeilge lag nó bearnach. Is í an mháistreacht ar an teanga leis na smaointe a ionramháil an ghné den scríbhneoireacht is tábhachtaí agus an cheapadóireacht á grádú.

Aicme	Grád	Marc
Ionramháil an-mhaith ar fad → sármhaith	A	17, 18, 19, 20 marc
Ionramháil an-mhaith	B	14, 15, 16 marc
Ionramháil mhaith	C	11, 12, 13 marc
Ionramháil mheasartha	D	8, 9, 10 marc
Ionramháil lag	E	5, 6, 7 marc
Ionramháil an-lag	F/NG	0, 1, 2, 3, 4 marc

Páipéar II (200 marc)

CEIST 1

- LÉAMHTHUISCINT -

100 marc

Treoracha do mharcáil na léamhthuisceana

LÉAMHTHUISCINT: A agus B

Tá Ceist 1 – 5 ar cómharc, 7 marc ar gach ceann.

Tá trí mharc ag dul ar chuid (a).

Tá dhá chuid i gceist (b); caithfear P1 agus P2 a scríobh taobh leis na freagraí agus an marc taobh leo.

Glacfar le freagraí i bhfocail an iarrthóra nó i bhfocail an tsleachta, de réir mar a éilíonn an cheist.

I gcás Léamhthuisicint B, atá scríofa sa chéad phearsa beifear ag súil leis go n-aistreofar na hainmfhocail atá sa chéad phearsa sa téacs go dtí an tríú pearsa sna freagraí. Tagann an t-athrú pearsan i gceist in 1(a), 1(b) P2 agus 4(b) P2. Bainfear marc amháin in (a) agus marc amháin in (b) mura ndéantar an ionramháil sin.

Maidir le 6 (a) sa dá Léamhthuisicint tá trí mharc ar fáil as dhá mhír ghramadaí a aithint; tabharfar 2 mharc ar an gcéad cheann atá ceart agus marc amháin ar an gceann eile.

Tá 12 mharc ag dul ar Cheist 6(b) sad á chás. Ní mór d'iarrthóirí Ceist 6(b) a fhreagairt **ina bhfocail féin**. I gceist 6(b) sa LT ní féidir marcanna arda a bhronnadh más léir nach bhfuil tuiscint ag an iarrthóir ar an bpíosa. Ba cheart go ndéanfadh an cheist seo idirdhealú idir iarrthóirí A agus an chuid eile. Cad is grád C as 12? Níl níos mó ná grád C lom tuillte ag iarrthóir nach bhfuil ábalta tuairimí úra dá chuid féin a thabhairt i nGaeilge dá chuid féin atá gan locht? Tabharfar eolas breise faoi 6(b) sna nótaí thíos ar an dá Léamhthuisicint.

I gcás cuid (b) de gach ceist léirigh na marcanna mar seo:

P1(2) = 2 (freagra ceart)

P1(2) = 0 (freagra mícheart)

P1(2) = - (gan freagra tugtha)

Déan amhlaidh le P2.

Ag bun Chuid (b) léirigh na marcanna mar seo: (2+2) / (2+0) / (- +2).

Cuir an marc iomlán sa cholún ar dheis ar an bpáipéar scrúdaithe.

Léamhthuiscint 2A

1 (a) In aimsir na sean-Ghréige, céard í teist an fhíorlaoich ?

An Peantatlan agus an Deacatlan =3m.

An Peantatlan **nó** an Deacatlan **leis féin**=(3-1)=2m.

“Mar is iondúil, cuirfear spéis ar leith sa Pheantatlan agus sa Deacatlan, dhá chomórtas a meastar fúthu gurb iad croí agus anam na gcluichí iad.” = (3-1 marc)

“Mar is iondúil,an fhíorlaoich.” =3m.

“In aimsir na sean –Ghréigean fhíorlaoich” = 0m.

1 (b)(1) Cén t-éacht a rinne Jim Thorpe a cheiliúrfar tráth na gCluichí Oilimpeacha i mbliana?

(1) Rug sé an bua leis sa Pheantatlan agus sa Deacatlan i gcluichí Stócólm i 1912.=2m

(2) “Tá sé tráthúil mar sin macnamh arís ar laoch Gael-Mheiriceánach, Jim Thorpe, a rug an bua leis sa dá chomórtas seo i gcluichí Stócólm i 1912.=2m

1 (b) (2) Cén rud stairiúil a bhain leis an éacht seo? (Alt1)

“Gaisce nach ndearna aon duine eile (roimhe ná ina dhiaidh)”= 2m

2 (a) Conas a tharla sé go raibh fuil Indiach i Jim Thorpe?

(1) “D’fhág seanathair Jim an tír seo aimsir an Ghorta Mhóir...Chuir sé faoi in Oklahoma, gar d’áit ina raibh Indiaigh....Phós mac leis duine de na hIndiaigh.3m

(2) “Phós mac **leis** duine de na hIndiaigh.= 0 m.

Ní fiú marc ar bith an chéad ná an dara habairt leis féin.

Caithfidh ceangal a bheith ag ceann nó an ceann eile leis an 3ú abairt.

(1) Indiach a mháthair.= 3m

2 (b) (1) Cén spórt a bhfacthas cumas lúthchleasaíochta Jim ann den chéad uair?

Peil Mheiriceánach = 2m

“Ar pháirc na peile= 2m

“Bhí Jim ag cuimhneamh.....le foireann táilliúirí” = 2m

2 (b) (2) Cén fáth a ndeachaigh Jim go Carlisle?(Alt 2)

“Ghnóthaigh Jim scoláireacht lúthchleasaíochta chuig scoil i gcathair Carlisle.”=2m

Scoláireacht (leis féin) =2m

3 (a) Cad a rinne Jim a tharraing spéis thraenáilithe na scoile in Carlisle air den chéad uair? (3 mharc)

“Lá amháin ghlan sé an barra ag cúig troithe naoi n-orlach sa léim ard agus é fós ina ghnáthéadaí scoile.”= 3m

Má leantar ar aghaidh síos go dtí.....“a bhreith leis uaireanta”=(3-1) iomarcach.

3 (b) (1) Cén fáth a ndeachaigh Jim go Carolina?

“Tugadh cuireadh dó (dul ag imirt i sraith leathghairmiúil sa pheil in Carolina.)”
=2m.

3 (b) (2) Cén dhá shlí dhifriúla ar caitheadh le Jim in Carolina ?

“Bhí daoine ann a mhol é (as feabhas a chumais lúthchleasaíochta) S1= 1m
“bhí dream eile a mhaslaigh / a chiap é (mar gheall ar a fhuil Indiach) S2= 1m

4 (a) Cén rud a cuireadh i leith Jim nuair a bhuaigh sé an Peantatlan agus an Deacatlan i Stócólm ?

“Cuireadh ina leith gur thuill sé airgead as peil Mheiriceánach” 3m
“Cuireadh ina leith..... na boinn óir de”3m

4 (b) (1) Conas a thacaigh a chomhiomaitheoirí le Jim i Stócólm ?

“Dhiúltaigh an bheirt lúthchleasaithe a bhain na boinn airgid glacadh leis na boinn óir nuair a tairgeadh dóibh iad.”2m

4 (b) (2) Cén fáth, dar lena lucht leanúna, ar gearradh pionós ar Jim i Stócólm?

Mheas siad “go raibh an t-éad agus an ciníochas ag spreagadh an dream a chuir ina choinne”2m

“ Bhí Jim agus a lucht leanúna.....a chuir ina choinne”2m

5 (a) Conas a chaith Jim a shaol i Meiriceá i ndiaidh na gCluichí

“ Lean sé ag imirt peil Mheiriceánach go gairmiúil” 3m
“ d’oibrigh sé mar thraenálaí le foirne peile ar fud na Stát Aontaithe.”3m
“Lean sé ag imirt.....na Stát Aontaithe”3m

5 (b) (1) Cén fáth ar bhronn Coiste Idirnáisiúnta na gCluichí Oilimpeacha na boinn óir a bhuaigh Jim ar a chlann ar deireadh?

- (1) “ Tríochoa bliain taréis dóibh a n-intinn a athrú faoin ngairmiúlacht, bhronn an IOC boinn Jim ar chlann Thorpe” 2m
- (2) “D’ aithin an IOC mar churadh dlisteanach Oilimpeach é”2m
- (3) Chun an “éagóir a chúiteamh leis”2m

5(b) (2) Cathain a tharla an bronnadh sin? (Alt 5) (2 mharc)

“Tríochoa bliain a ndiaidh a bháis.” nó 1983. 2m

6 (a) Aimsigh ainmfhocal san ghinideach iolra in alt 1 agus briathar saor san aimsir chaite in alt 5.

[Bronn 2 mharc ar an gcéad cheann atá ceart agus 1 mharc ar an dara ceann.]

Ainmfhocal =(anam na) gcluichí/ (roimh thús na) gcluichí,

Caithfidh an g a bheith ann, gan an g bronn 0m

Briathar saor = caitheadh / roghnaíodh.

6 (b) Cad a léiríonn an sliocht seo faoi dhearcadh phobail Mheiriceá agus faoi dhearcadh an IOC ar dhaoine mar Jim Thorpe sa chéad seo caite? (12 mharc)

Caithfidh pobal Mheiriceá agus an IOC a bheith pléite ach ní gá go mbeadh an t-eolas ar chomhthoirt.

Mura luaitear ach ceann amháin marcáil an freagra as 8 marc.

Más lom insint ón sliocht atá ann marcáil as 7 marc.

B'fhéidir go mbeadh rudaí mar seo luaite,

Tús a shaoil sona, aitheantas dá chumas luthchleasaíochta, scoláireacht, suim ag traenáilaithe ann, scoil, dearcadh difriúil i Caroline, an ciníochas, an ciapadh, aitheantas ó iriseoirí, comhiomaitheoirí. An IOC i bhfábhar amaitéarachais, bonn, éagóir, cúiteamh.

Suimigh anois na marcanna agus léirigh mar seo.

Ceist 1 A (50) =

Léamhthuiscint 2B

1 (a) Cad ba chúis leis an íomhá dhiúltach a bhí ag an údar den saol sna favelas?

“Bhí íomhá thar a bheith diúltach **aige** den saol sna favelas a bhí bunaithe ar na scannáin a bhí ar taispeáint in Éirinn ag an am.”

“Chuir na scannáin seo síos ar mhangaireacht drugaí in Salvador agus ar an gcoiriúlacht uafásach a bhí ag baint léi.”

“Chomh maith leis sin, bhí cur amach **aige** ar staitisticí na bpóilíní in Salvador a léiríonn gurb é Tancredo Neves an bruachbhaile is contúirtí sa chathair ar fad.”

(3-1m) mura bhfuil an 3ú pearsa ann.

1 (b) (1) Cén tréith de chuid mhuintir Tancredo Neves a mheall an t-údar?

“meon dóchasach sona” 2m

1 (b) (2) Cén fáth ar bheartaigh sé fanacht leo? (Alt 1)

“Bheartaigh sé fanacht leo ag súil go scaoilfidís rún a gcuid sonais leis”.

(2-1 m) muna bhfuil an 3ú pearsa ann.

2 (a) Cén chaoi ar fhulaing na bundúchasaigh in Salvador ag lámha na bPortaingéalach?

“Chuir siad bundúchasaigh na háite ag obair ar na láithreacha tógála agus ar na plandálacha siúcra” 3m

“scrios galair éagsúla na hEorpa iad.”3m

2 (b) (1) Cén chaoi ar tháinig na favelas ar an saol?

“(Cuireadh deireadh leis an sclábhaíocht sa bhliain 1888 agus) caitheadh formhór na ndaoine gorma amach as na plandálacha. Lonnaigh siad ar na cnoic ar imeall na gcathracha. Ba é sin tús na favelas.” 2m

2 (b) (2) Cén fáth a bhfuil fás mór fúthu sa lá atá inniu ann? (2 mharc)

“Tá a lán de na feirmeoirí beaga ag tréigean na tuaithe agus ag plódú isteach sna cathracha.” 2m

“tá cuid mhór de phobal na cathrach gan obair anois. Níl de rogha ag an dá ghrúpa daoine sin ach cur fúthu sna favelas.” 2m

3 (a) Cén fáth a ndeir tuismitheoirí Nilton nach favela é Loteamento?

“Bhí an t-ádh leo go raibh siad in ann píosa talún a cheannach agus teach a thógáil air.” 3m

“mar gur úinéirí dleathacha san áit iad”.3m

3 (b) (1) Céard iad na rudaí is luachmhaire ag muintir Shalvador, dar leis an údar? (2 mharc) (1+1) Dhá rud.

“Is rudaí luachmhara acu sonas agus buaine na clainne”1+1m

“sláinte agus áilleacht an choirp “ 1+1m agus cosaint an dúlra.”

3.(b) (2) Cén bunús atá le spioradáltacht mhuintir Shalvador, dar leis?

“Tá an spioradáltacht go smior iontu, a bhuíochas sin don chreideamh Condomblé a rug siad leo ón Afraic”.2m

4 (a) Cén chaoi ar iobartaigh de chuid an impiriúlachais iad na hAfra-Bhrasaíligh in Salvador?

“Baineadh a saoirse agus a dteanga díobh, agus brúdh faoi chois iad.”3m

“ Bhrúigh na Portaingéalaigh an creideamh Caitliceach ortha...”3m

4 (b) (1) Céard iad na haingil choimhdeachta a luaigh Bruno leis an údar?

“Jemanja, bandia na mara, agus Oxaquia, dia an chirt agus na córa.”1+1m

4 (b) (2) Cén fáth a n-oireann na haingil choimhdeachta sin don údar, dar leis féin?

“Le fad a chuimhne ní fhéadfadh sé maireachtáil gan radharc aige ar an bhfarraige, agus ó thaobh an chirt agus na córa de is sóisialach go smior é”2m.

Gan an 3ú pearsa (2-1m) Ná cuir pionós faoi dhó ar an bhfreagra céanna.

5 (a) Cén “fhirinne ghránna” atá ag baint leis an áit?

“mharaigh na póilíní 137 duine sa troid shíoraí in aghaidh na mangairí drugaí”3m

“mharaigh na póilíní 137 duine”(3-1m), freagra easnamhach.

5 (b)(1) Cén dearcadh atá ag muintir Thancredo Neves ar an oideachas?

“ tuigtear dóibh gurbh é an t-oideachas an tslí is éifeachtaí le dul ar aghaidh sa saol.”2m

5 (b)(2) Cén chaoi a léiríonn Nueza agus a mhac Tony an dearcadh seo?

“Téann an bheirt acu ag obair i rith an lae agus san oíche bíonn siad le chéile ar rang meánscoile”.2m

“bíonn siad le chéile ar rang meánscoile”(2-1m)

6.(a) Aimsigh briathar saor san aimsir láithreach in alt 5 agus ainmfhocal sa ghinideach uatha in alt 1. (3 mharc)(2+1 marc)

Bronn 2m ar an gcéad ceann atá ceart agus 1m ar an dara ceann.

Briathar saor = tuigtear.

Ainmfhocal sa ghinideach uatha

= sosa, sonais, muintir **Th**ancredo Neves, cathair **Sh**alvador, muintir Reis.

Caithfidh an **h** a bheith ann.

6.(b)(1) Cén cineál (genre) litríochta lena mbaineann an sliocht seo?

(2 mharc)

Léirithe mar seo: C=2m pé áit a n-ainmnítear an genre/cineál litríochta, sa fhreagra.

Insint, Tuairisc, Iriseoireacht, dialann taistil, leabhar taistil, eolasach, aitheach neamhfhicsean, 7rl. **(glac le cineál ar bith a dheánann ciall agus atá bunaithe ar an sliocht.)**

6.(b)(2) Luaigh dhá thréith a bhaineann leis an gcineál seo litríochta.

Aimsigh sampla amháin de na tréithe sin sa sliocht.

10 mharc, mion bhriseadh le léiriú mar seo,

T1 + S1 (5m) =

T2+ S2 (5m) =

Ag bun Léamhthuiscint B, seo mar a léirítear na marcanna; Ceist 1B =

Suimigh na hiomláin ansin.

Ceist 1A(50) =

Ceist 1B (50) =

Ceist 1 (A+B) Iomlán (100) =

Aistrigh an marc go dtí tús na ceiste ansin agus go dtí clúdach na scrípte.

NB: I gcás na gceisteanna 2 (Prós), 3 (Filíocht), agus 4 (Litríocht Bhreise) beidh 5 mharc le bronnadh i ngach cás ar chaighdeán na Gaeilge. Sa Phrós mar sin 25 ar Eolas agus 5 ar Ghaeilge; san Fhilíocht 25 ar Eolas agus 5 ar Ghaeilge; sa Litríocht Bhreise 35 ar Eolas agus 5 ar Ghaeilge.

Freagair A (Prós Ainmnithe) **nó** B (Prós Roghnach).

A - PRÓS AINMNITHE - (30 marc)

- 2A** “Sa sliocht seo as an úrscéal *Hurlamaboc*, léiríonn iompar agus dearcadh Lisín go leor gnéithe suimiúla den saol nua-aimseartha.”
Déan plé gairid air sin.

B - PRÓS ROGHNACH - (3 marc)

- 2B** Maidir leis an sliocht as an **úrscéal roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, déan plé gairid ar an bpríomhthéama atá ann, agus ar fhorbairt an príomhthéama sin sa sliocht.

Ní mór teideal an úrscéil sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn.

- Nóta:** Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc as 25 (Ábhar) **agus** as 5 (Gaeilge) a thaispeáint go soiléir sna hionaid chuí ar an bhfreagarleabhar.

Ní bhronnfar marcanna ar theidil/ainmneacha údar a lua ach bainfear marcanna mura luaitear iad.

Ceadaítear Tóraíocht Dhiarmada agus Ghráinne nó Gafa a úsáid mar úrscéal roghnach ar an gcoinníoll nach bhfuil na téacsanna sin in úsáid i gCeist 4

Freagair Ceist 3A nó Ceist 3B thíos:

- 3A** (i) “Baineann an file úsáid éifeachtach as íomhánna agus as fuaimeanna chun a bhfuil ina chroí istigh a nochtadh dúinn sa dán *An tEarrach Thiar* (thíos).”
Déan plé gairid ar an ráiteas sin. (14 marc)
- (ii) Críochnaíonn gach véarsa leis an líne “*San Earrach thiar*”. Cén éifeacht a bhaineann le hathrá na bhfocal sin, dar leat? (4 marc)
- (iii) Scríobh nóta gairid ar shaol agus ar shaothar an fhile seo. (7 marc)

An tEarrach Thiar

1	Fear ag glanadh cré De ghimseán spáide Sa gciúnas séimh I mbrothall lae:	15	Mná i locháin In íochtar diaidh - thrá, A gcótaí craptha, Scáilí thíos fúthu:
5	Binn an fhuaim San Earrach thiar.	20	Támh - radharc síothach San Earrach thiar.
10	Fear ag caitheamh Cliabh dhá dhroim, Is an fheamainn dhearg Ag lonrú I dtaitneamh gréine Ar dhuirling bháin: Niamhrach an radharc San Earrach thiar.	25	Toll - bhuillí fanna Ag maidí rámha, Currach lán éisc Ag teacht chun cladaigh Ar órmhuir mhall I ndeireadh lae; San Earrach thiar.

3B *Maidir le dán nua-aimseartha a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa,*

- (i) Déan plé gairid ar éifeacht na húsáide a bhaineann an file as dhá ghné díobh seo a leanas:
(a) na híomhánna; (b) an t-atmaisféar; (c) an friotal. (14 marc)
- (ii) Léirigh mar a chuaigh an dán i bhfeidhm ort. (4 marc)
- (iii) Scríobh nóta gairid ar shaol agus ar shaothar an fhile a chum an dán a roghnaigh tú. (7 marc)

Freagair do rogha ceann **amháin** as Ceist 4 (A, B, C, D, E nó F) thíos:

4A. An Triail

“Fulaingt Mháire Uí Chathasaigh **agus** fimíneacht na sochaí ina leith is mó a léirítear sa dráma *An Triail*.”

Déan plé ar an ráiteas sin. (35 marc)

4B. A Thig ná Tit Orm

Déan plé ar an **dá** ghné den chur síos ar shaol an údair agus é ag fás aníos sa Ghaeltacht is mó a chuaigh i bhfeidhm ort. (35 marc)

4C. Tóraíocht Dhiarmada agus Ghráinne

“Is iad gliceas agus scéiméireacht Ghráinne is cúis le himeachtaí na Tóraíochta.”

Déan plé ar an ráiteas sin. (35 marc)

4D. Gafa

“Is éifeachtach an léiriú a thugtar dúinn ar intinn shuaite na máthar, Eithne, sa sliocht as an úrscéal *Gafa*.”

Déan plé ar an ráiteas sin. (35 marc)

4E. Canary Wharf

“Sa scéal *Cúrsaí Eitilte*, léiríonn Orna Ní Choileáin go héifeachtach dúinn na baic agus na castaí a chuirtear in aghaidh Theo agus é ag iarraidh dul chun bualadh lena ghrá Alana in Montréal.”

Déan plé gairid ar an ráiteas sin. (35 marc)

4F. Dánta Breise - *A Chlann*

Freagair na **trí cheist** seo a leanas:

- (i) Cad é príomhthéama an dáin *A Chlann* (thall), dar leat? (3 marc)
Déan plé ar an gcaoi a ndéantar léiriú ar an bpríomhthéama sin ó thús go deireadh an dáin. (16 marc)
- (ii) A bhfuil i gceist leis na línte seo a mhíniú:
Dá bhféadfainn, dhéanfainn rud daoibh
Nár dheineas riamh dom féin -
Mhaithfinn daoibh gach peaca
's d'agróinn cogadh ar phéin! (8 marc)
- (iii) Cén mothú is mó a mhúscail dearcadh na máthar ionat féin? (Is leor **dhá** phointe eolais.) (8 marc)

A Chlann

1 Dá bhféadfainn sibh a chosaint ar an saol so,
Chosnóinn!
I ngach bearna baoil,
Bheadh aingeal romhaibh!
5 Bheadh bhúr mbóthar réidh is socair –
Bhúr sléibhte 'na maolchnoic mhíne –
Bhúr bhfarraigí gléghorm
Ó d'fhág sibh cé mo chroí.

Chloífinn fuath is díoltas
10 Dá dtiocfaidís bhúr ngaor,
Thiocfainn eadar sibh is fearg Dé!
Dá bhféadfainn, dhéanfainn rud daoibh
Nár dheineas riamh dom féin –
Mhaithfinn daoibh gach peaca
15 's d'agróinn cogadh ar phéin!

Fada uaim a ghluaisfidh sibh,
Ar bhúr mbealach féin
I bhfiacail bhúr bhfaistine,
Ná feicim ach im' bhuairt
20 Is cuma libh faoin anaithe,
Nó sin é a deir sibh liom –
Ag tabhairt dúshláin faoi aithne na dtuar!

Ní liomsa bhúr mbrionglóidí ná bhúr mbealaí
Ná ní liomsa bhur smaointe ná bhúr ndearcadh!
25 Níl baint agam le rogha bhúr gcroí –
Le fuacht ná teas
Le lá ná oíche
Níl rogha agam i bhúr dtodhchaí
Níl agam ach guí. ...

1. Níl cead *A Chlann* (4F) a úsáid mar dán roghnach i gCeist 3(b).
2. Sna freagraí ar an bPrós, ar an bhFilíocht agus ar an Litríocht Bhreise caithfear aghaidh a thabhairt i gcónaí ar na ceisteanna a cuireadh. Ní leor gach nóta ginearálta dar léigh tú riamh a bhreacadh síos; cuirfear aon ábhar nach bhfuil **ad rem** as an áireamh, díreach mar a dhéantar i gcás na Ceapadóireachta, agus ansin déantar an chuid eile den iarracht a luacháil. Ní leor achoimre; i gcás achoimre déanfar an iarracht a mharcáil as C lom.
3. Beifear ag súil le tuiscint ar na téacsanna, freagairt phearsanta an iarrthóra, cuntas ar mar a chuaigh an t-iarrthóir i ngleic leis an téacs nó mar chuaigh an litríocht i bhfeidhm ar an iarrthóir. Moltar do scrúdaitheoirí a bheith ag smaoineamh i ngráid i gcónaí agus úsáid a bhaint as an réríomhaire (cf lch 25) agus iad ag teacht ar chinneadh faoi cad is fiú freagra.

Grádú Marcála sna Ceisteanna

N. B. Den bhfíorthábhacht é go mbeifeá ag machnamh i ngráid agus i gcéatadáin le linn na marcála. (Féach an scéim ghrádaithe sa Cheapadóireacht ar lch. eile.

An freagra a ghrádú agus a chéatadánú i d'aigne i dtosach, ansin cinneadh ar an marc.

(Cuimhnigh, má thugann tú 3 as 9 ar an bhfreagra ar fhocheist éigin, gurb é atá á rá agat nach fiú tada le cois 33⅓% an freagra sin.)

GRÁD	200	160	100	68	60	56	44	40	35	30	25	22	18
A	170	136	85	58	51	48	38	34	30	26	22	19	16
B	140	112	70	48	42	40	31	28	25	21	18	16	13
C	110	88	55	38	33	31	25	22	20	17	14	13	10
D	80	64	40	28	24	23	18	16	14	12	10	9	8
GRÁD	17	16	14	13	12	11	10	9	8	7	6	5	
A	15	14	12	12	11	10	9	8	7	6	6	5	
B	12	12	10	10	9	8	7	7	6	5	5	4	
C	10	9	8	8	7	7	6	5	5	4	4	3	
D	7	7	6	6	5	5	4	4	4	3	3	2	

